Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**16071/25**

**ENV 1290**
**CLIMA 562**
**COMPET 1249**
**IND 552**
**AGRI 652**
**FOOD 110**
**PECHE 422**
**ENER 632**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Creat Straitéiseach le haghaidh Bithgheilleagar Iomaíoch Inbhuanaithe san Aontas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 960 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 960 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.11.2025
COM(2025) 960 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

# Creat Straitéiseach le haghaidh Bithgheilleagar Iomaíoch Inbhuanaithe san Aontas

{SWD(2025) 895 final}

## RÉAMHRÁ

**Tá an bithgheilleagar ar cheann de dheiseanna straitéiseacha an 21ú haois**. Is rud é a spreagann fás glas, an t-iomaíochas agus an athléimneacht. Baineann an bithgheilleagar úsáid níos fearr as acmhainní bitheolaíocha, barr feabhais eolaíoch agus bonn tionsclaíoch na hEorpa chun ár ngeilleagar a dhícharbónú agus chun ábhair agus táirgí iontaise-bhunaithe a ionadú. Forbraíonn sé réitigh phraiticiúla a thacaíonn le rathúnas eacnamaíoch agus le pobail láidre tuaithe agus chósta, agus san am céanna cuidíonn sé le lucht tionscail aistriú chuig samhlacha táirgthe níos ciorclaí. Cuireann sé le huathriail straitéiseach an Aontais tríd an spleáchas ar tháirgí iontaise-bhunaithe allmhairithe a laghdú agus féadann sé rannchuidiú go mór le spriocanna aeráide agus comhshaoil amhail éifeachtúlacht acmhainní, laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa, athléimneacht uisce, truailliú nialasach agus an bhithéagsúlacht.

Is é an sainmhíniú atá ar an mbithgheilleagar na gníomhaíochtaí lena soláthraítear réitigh inbhuanaithe bunaithe ar **acmhainní bitheolaíocha chun breisluach a chruthú**. In measc sin tá táirgí, seirbhísí, eolaíocht agus teicneolaíochtaí a théann chun tairbhe d'earnálacha éagsúla, idir thalmhaíocht, fhoraoiseacht, iascach agus dobharshaothrú, sin agus do shlabhraí luacha bunaithe ar phróiseáil bithmhaise, bithmhonaraíocht agus bith-theicneolaíochtaí, mar shampla i réimse an bhia[1], na sláinte, an fhuinnimh, na tionsclaíochta, an éiceachórais agus i seirbhísí eile. Áirítear ar acmhainní bitheolaíocha[2] acmhainní géiniteacha mar aon le bithmhais phríomhúil agus thánaisteach, amhail seachtháirgí agus fuíll, agus carbón bithghineach[3] a ghabhtar trí theicneolaíochtaí nuálacha.

Tá **bunús láidir** ag bithgheilleagar na hEorpa: eolaíocht den chéad scoth, teicneolaíochtaí úrscothacha, bonn tionsclaíoch iomaíoch, margadh aonair ina bhfuil 26 mhilliún cuideachta agus 450 milliún tomhaltóir[4] agus táirgeadh mór bithmhaise[5] atá á bhainistiú ag feirmeoirí, foraoiseoirí agus iascairí an Aontais.

Agus luach suas le EUR **2,7 trilliún** ag bithgheilleagar an Aontais **in 2023**[6][7], tá sé ina **spreagadh dinimiciúil don iomaíochas** agus tá tábhacht straitéiseach ag baint leis i gcás

---

1 Is cuid lárnach den bhithgheilleagar é an bia agus tá sé i gcroílár na Físe le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia. Cé nach é an bia príomhfhócas na straitéise sin, téann roinnt dá gníomhaíochtaí chun tairbhe don nuálaíocht bia agus comhlánaíonn siad beartais an Aontais a bhaineann le córais bhia inbhuanaithe.

2 Úsáidtear na téarmaí seo a leanas sa straitéis: (1) Áirítear ar 'acmhainní bitheolaíocha' acmhainní géiniteacha, orgánaigh nó codanna díobh, daonraí, nó aon chomhpháirt bhitheach eile d'éiceachórais a bhfuil úsáid nó luach acu, bíodh sin iarbhír nó féideartha, don chine daonna (an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht). (2) Cuimsíonn acmhainní bitheolaíocha "Bithmhais" freisin: "ciallaíonn 'bithmhais' an codán in-bhithmhillte de tháirgí, dramhaíl, agus iarmhair de thionscnamh bitheolaíoch ón talmhaíocht, lena n-áirítear substaintí cothaitheacha agus ainmhíocha, ón bhforaoiseacht agus ó thionscail ghaolmhara, lena n-áirítear iascach agus dobharshaothrú, chomh maith leis an gcodán in-bhithmhillte de dhramhaíl, lena n-áirítear dramhaíl thionsclaíoch agus chathrach de thionscnamh bitheolaíoch." (aithris 24 den Treoir maidir le Fuinneamh In-Athnuaite) (3) "bithbhunaithe = díorthaithe ó bhithmhais. D'fhéadfadh sé go mbeadh cóireáil fhisiceach, cheimiceach nó bhitheolaíoch/cóireálacha fisiceacha, ceimiceacha nó bitheolaíocha déanta ar bhithmhais." (An Coiste Eorpach um Chaighdeánú (pointe 2.1))

3 Úsáidtear an téarma dí-iontaisiú sa straitéis seo chun a aithint go bhfuil carbón in ábhair.

4 COM (2025) 500 final, Straitéis chun an Margadh Aonair a dhéanamh simplí, rianúil agus láidir


5 Mubareka, S.B. agus Renner A. (eagarthóirí), *EU Biomass supply, uses, governance and regenerative actions - 10-year anniversary edition* [Soláthar, úsáidí, rialú agus gníomhaíochtaí athghiniúnacha na bithmhaise san Aontas – eagrán comórtha 10 mbliana], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025

6 Lasarte-López, J., M'barek, R. (2025). *The EU bioeconomy at a glance: Focus on economic value added, employment and innovation* [Sracfhéachaint ar bhithgheilleagar an Aontais: Fócas ar bhreisluach eacnamaíoch, ar fhostaíocht agus ar nuálaíocht]. An Coimisiún Eorpach, Sevilla, 2025. JRC143759

7 Nuair a chuirtear gníomhaíochtaí seirbhíse san áireamh freisin, méadaítear go mór méid na n-earnálacha uile atá ábhartha maidir leis an mbithgheilleagar. De réir mheastacháin JRC, chruthaigh na hearnálacha a bhaineann leis an

raon leathan earnálacha eacnamaíocha[8]. In 2023, rinne gníomhaíochtaí um tháirgeadh agus tiontú bithmhaise 17,1 milliún duine a fhostú san Aontas (8 % de phoist an Aontais) agus EUR 863 bhilliún i mbreisluach a ghiniúint (5 % de OTI an Aontais)[9]. Shroich infheistíocht T&F in earnálacha a bhaineann leis an mbithgheilleagar EUR 23,2 billiún in 2023 (méid arb é 9 % de na hinfheistíochtaí T&F uile)[10], agus is paitinní sna réimsí sin a bhí i gceist le 5 % de na paitinní uile a comhdaíodh san Aontas idir 2008 agus 2020[11]. Le 10 mbliana anuas, tá earnálacha an bhithgheilleagair ag fás ag ráta níos tapúla ná an geilleagar foriomlán[12]. Tugtar le fios sna meastacháin go gcruthaítear 2,9 post indíreach breise san Aontas de bharr gach poist a chruthaítear i dtionscal bithgheilleagair na hEorpa[13].

Fíor 1 – Éabhlóid an bhreisluacha sna hearnálacha táirgthe agus tiontaithe bithmhaise (AE27)[14]




Foinse: Lasarte-López, J., M'barek, R. (2025). *The EU bioeconomy at a glance: Focus on economic value added, employment and innovation*
[Sracfhéachaint ar bhithgheilleagar an Aontais: Fócas ar bhreisluach eacnamaíoch, ar fhostaíocht agus ar nuálaíocht]. An Coimisiún Eorpach, Sevilla, 2025. JRC143759

Tá acmhainneacht ollmhór ag an mbithgheilleagar nár baineadh leas aisti go fóill. Easpa infheistíochtaí is cúis leis sin go háirithe: tá riachtanais infheistíochta i naoi n-earnáil den bhithgheilleagar mapáilte ag **Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta** (Grúpa BEI)[15]. Sa mhapáil sin, sainaithnítear na réimsí nach mór don Aontas gníomhú iontu chun bearnaí

mbithgheilleagar idir 42 agus 60 milliún post in 2023 (19-28 % den fhostaíocht iomlán), agus ghin siad breisluach EUR 1,9-2,7 trilliún (thart ar 11-16 % de OTI an Aontais).

8 De réir na Tuarascála Ionchais ar Acmhainní Domhanda 2024, ar foilseachán de chuid an Phainéil Idirnáisiúnta um Bainistiú Acmhainní é, tháinig méadú ar an éileamh foriomlán ar bhithmhais ó 12,6 billiún tona in 1970 go 24,8 billiún tona in 2020

9 Bunaithe ar Lasarte-López, M'barek (2025)

10 Bunaithe ar Lasarte-López, M'barek (2025)

11 Grassano, N., M'Barek, R. agus Gonzales Hermoso, H., *Patenting in the Bioeconomy: An Analysis of Trends and Patterns in the EU* [Paitinniú sa Bhithgheilleagar: Anailís ar Threochtaí agus ar Phatrúin san Aontas], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025

12 Lasarte-López, J., M'barek, R. (2025). *The EU bioeconomy at a glance: Focus on economic value added, employment and innovation* [Sracfhéachaint ar bhithgheilleagar an Aontais: Fócas ar bhreisluach eacnamaíoch, ar fhostaíocht agus ar nuálaíocht]. An Coimisiún Eorpach, Sevilla, 2025. JRC143759

13 Amsterdam Data Collective, 2025, *The Value of Biosolutions*: *Growth and Prosperity to 2035 (European edition)*

14 JRC, 2025 *The EU bioeconomy at a glance: Focus on economic value added, employment and innovation* [Sracfhéachaint ar bhithgheilleagar an Aontais: Fócas ar bhreisluach eacnamaíoch, ar fhostaíocht agus ar nuálaíocht]

15 Grúpa BEI, *Investment gaps to achieve sustainable targets in the bioeconomy* [Bearnaí infheistíochta maidir le spriocanna inbhuanaithe a bhaint amach sa bhithgheilleagar], 2025.

maoiniúcháin a líonadh agus dlús a chur leis an gclaochlú inbhuanaithe. In anailís Ghrúpa BEI, léirítear bearnaí móra maoiniúcháin ar fud an tslabhra luacha, go háirithe maidir le bithmhonaraíocht, ardábhair bhithbhunaithe agus bonneagar bithgheilleagair chiorclaigh a scálú, rud atá ag cur cosc ar nuálaíochtaí a bhfuil gealladh fúthu an margadh a bhaint amach faoi láthair.

An tráth céanna, tá srian ar an mbithgheilleagar mar gheall ar theorainneacha pláinéadacha, tionchair an athraithe aeráide agus inbhuanaitheacht na bithmhaise[16] [17]. Tá úsáid fhreagrach éifeachtúil na bithmhaise ríthábhachtach fós **don iomaíochas fadtéarmach, do chobhsaíocht an tsoláthair** agus **do shláinte an éiceachórais**.

Agus í bunaithe ar ionchur forleathan ó roinnt comhairliúchán[18], sa straitéis seo **leagtar amach bealach chun cinn ar mhaithe le bithgheilleagar inbhuanaithe dúlra-dearfach a thógáil tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

1. **nuálaíocht agus infheistíochtaí a scálú;**
2. **margaí tosaigh nua a thógáil le haghaidh ábhair agus teicneolaíochtaí bithbhunaithe;**
3. **soláthar bithmhaise inbhuanaithe a áirithiú ó shlabhra luacha go chéile** agus
4. **tairbhe a bhaint as deiseanna domhanda**.

Cuireann sí le Straitéis Bhithgheilleagair 2012[19] agus leis na hathbhreithnithe a rinneadh in 2018[20] agus 2022[21], agus an bhéim á cur i dtreo cur in úsáid tionsclaíoch, uas-scálú margaidh, iomaíochas agus athléimneacht. Freagraíonn an straitéis do Chonclúidí 2023 agus 2024 ón gComhairle[22] agus don chlár oibre straitéiseach le haghaidh 2024-2029[23]. Déantar an rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le todhchaí bhith-theicneolaíocht agus bhithmhonaraíocht an Aontais ó mhí Iúil 2025[24] a bhreithniú sa straitéis freisin.

***Fís: Bithgheilleagar na hEorpa in 2040***

*Faoi 2040, tá ábhair agus táirgí inbhuanaithe bithbhunaithe, amhail ábhair foirgníochta, bithcheimiceáin, teicstílí, leasacháin, táirgí cosanta plandaí agus plaistigh, á n-úsáid go forleathan san Aontas. Is rogha shaor ó iontaise atá i gceist leo agus cruthaíonn siad sruthanna ioncaim nua cobhsaí i réigiúin tuaithe, chósta agus thionsclaíocha ar fud na hEorpa. Tacaíonn feabhsuithe i dtaobh táirgeacht inbhuanaithe le córais athléimneacha feirmeoireachta agus bia atá bunaithe ar bhainistiú eolasbhunaithe. Tá bithscaglanna*

[16] EEA, *The European Biomass Puzzle*, 2023, [Puzal Bithmhaise na hEorpa | Foilseacháin | An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA)]

[17] EEA, Comhshaol na hEorpa 2025 – Príomhthuarascáil: *Europe's Environment and Climate: knowledge for resilience, prosperity and sustainability* [Comhshaol agus Aeráid na hEorpa: eolas le haghaidh athléimneachta, rathúnais agus inbhuanaitheachta].

[18] Doiciméad Inmheánach Oibre – Tuarascáil achoimre ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus torthaí an chomhairliúcháin phoiblí ar thairseach an Aontais *Cloisimis Uait*

[19] COM (2012) 060 final Nuálaíocht don Fhás Inbhuanaithe: Bithgheilleagar don Eoraip

[20] COM (2018) 673 final Bithgheilleagar inbhuanaithe don Eoraip: an nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú. Straitéis Bhithgheilleagair nuashonraithe an Aontais.

[21] COM (2022) 283 final Beartas bithgheilleagair na hEorpa: athbhreithniú agus forbairtí amach anseo

[22] Comhairle an Aontais Eorpaigh, Conclúidí maidir le deiseanna an bhithgheilleagair i bhfianaise na ndúshlán reatha agus béim ar leith á leagan ar cheantair thuaithe, 2023

[23] An Iris Oifigiúil, IO C 2024 400 I, lch. 1

[24] Parlaimint na hEorpa, Rún maidir le todhchaí earnáil bith-theicneolaíochta agus bithmhonaraíochta an Aontais: taighde a ghiaráil, borradh a chur faoin nuálaíocht agus iomaíochas a fheabhsú, 2025. D'eisigh Coiste na Réigiún agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairimí maidir leis an mbithgheilleagar freisin.

*comhtháite agus saoráidí coipthe ardfhorbartha ag feidhmiú ar fud na mór-roinne, agus iad ag tiontú bunábhair éagsúla ina dtáirgí ardluacha.*

*Baineann bithgheilleagar na hEorpa an scála sin amach toisc gurb í an bhith-theicneolaíocht, ar chuir na Gníomhartha um an mBith-theicneolaíocht borradh fúithi, an t-inneall a fhágann go bhfuil réitigh bhithbhunaithe inacmhainne, iomaíoch agus in-imscartha ar scála tionsclaíoch.*

*Fágann fionnachtana sa bhith-theicneolaíocht agus sa bhithmhonaraíocht go bhfuil réitigh bhithbhunaithe iomaíoch ó thaobh costais de agus inscálaithe. Tá scileanna, cinnteacht infheistíochta agus soláthar iontaofa bithmhaise mar bhonn taca leis an gcur in úsáid tionsclaíoch.*

*Cuireann an bithgheilleagar ar chumas na hEorpa a láidreachtaí féin a chur chun úsáide – tailte feirme táirgiúla, foraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe agus aigéin shláintiúla – ar mhaithe le rathúnas, athléimneacht agus slándáil eacnamaíoch agus bia a sholáthar. A bhuí leis an bhfeirmeoireacht agus an fhoraoiseacht, agus de bharr go bhfuil úsáid níos cliste á baint as acmhainní muirí, áirithítear go gcomhlíonann an Eoraip an chuid is mó dá riachtanais bhithmhaise trí tháirgeadh intíre inbhuanaithe. Mar gheall ar úsáid straitéiseach na seachtháirgí agus na bhfuíoll, tá úsáid acmhainní níos éifeachtúla, agus cuirtear borradh faoi sheasamh an Aontais sna margaí domhanda san am céanna.*

*Ar fud an domhain, feidhmíonn an Eoraip mar onnmhaireoir teicneolaíochtaí, ábhar agus oilteachta bithbhunaithe inbhuanaithe agus mar chomhpháirtí ceannródaíoch sa réimse sin. Trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha agus comhaontuithe trádála atá cothrom agus inbhuanaithe, baineann an tAontas leas as margaí nua. Oibríonn an tAontas go gníomhach i bhfóraim idirnáisiúnta amhail Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) agus an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), agus é ag tacú le bithgheilleagar domhanda atá cothrom agus riailbhunaithe.*

## 1. Nuálaíocht agus Infheistíochtaí a Uas-scálú: ón tSaotharlann go dtí an Cur in Úsáid

Tá acmhainneacht **na nuálaíochta ar scála i réimse an bhithgheilleagair** léirithe le 10 mbliana anuas. Tá an breisluach ó ábhair bhithbhunaithe nua ag méadú go tapa in earnálacha amhail ceimiceáin, cógaisíocht, plaistigh, foirgníocht agus teicstílí[25]. Tá moill ar an gcur in úsáid, áfach, mar gheall ar an iomaíocht idirnáisiúnta (ó na Stáit Aontaithe agus ón tSín go háirithe) agus mar gheall ar bhacainní leanúnacha sa mhargadh aonair, agus tá an baol ann go mbeidh an nuálaíocht ag dul i dtreo margaí nach margaí AE iad.

**Chun dlús a chur leis an aistriú ón acmhainneacht go dtí an cur in úsáid, ní mór dúinn deireadh a chur leis na bacainní atá ann cheana agus infheistíocht agus tacaíocht d'úsáid na dteicneolaíochtaí sin a uas-scálú, ar teicneolaíochtaí iad atá in ann an breisluach is airde a thabhairt ó acmhainní teoranta.**

[25] Lasarte-López, J., M'barek, R. (2025). *The EU bioeconomy at a glance: Focus on economic value added, employment and innovation* [Sracfhéachaint ar bhithgheilleagar an Aontais: Fócas ar bhreisluach eacnamaíoch, ar fhostaíocht agus ar nuálaíocht]. An Coimisiún Eorpach, Sevilla, 2025. JRC143759

## 1.1. Bacainní a Bhaint

*Ceanglais a Chuíchóiriú agus Iontráil sa Mhargadh a Éascú*

Tá **an chastacht rialála** fós ina dúshlán mór don bhithgheilleagar. Is minic a chuirtear moill ar iontráil sa mhargadh bithgheilleagair de bharr éiginnteacht faoin gcaoi táirgí bithbhunaithe nua a aicmiú ar táirgí iad nach n-oireann go soiléir do chatagóirí atá ann cheana a aithnítear go dlíthiúil[26]. Bíonn an chastacht sin níos measa fós mar gheall ar rialacha agus léirmhínithe náisiúnta éagsúla ó Bhallstát go chéile. Is é an toradh a bhíonn uirthi ilroinnt na margaí, rud a mhéadaíonn an costas a bhaineann le gnó a dhéanamh, go háirithe i gcás FBManna.

Chun a áirithiú go gcuirfidh an tAontas timpeallacht intuartha ar fáil a dhéanann nuálaíocht bhithbhunaithe a chumasú, agus caighdeáin sábháilteachta an Aontais á gcosaint san am céanna, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún ceanglais rialála a shimpliú agus dlús a chur le húdaruithe táirgí trí **Ghníomhartha an Aontais um an mBith-theicneolaíocht**. Leis na Gníomhartha um an mBith-theicneolaíocht, tabharfar isteach cumasóirí earnála agus cothrománacha, mar shampla boscaí gainimh rialála, nósanna imeachta údarúcháin meara i gcás réitigh mhiocróbacha le haghaidh úsáid thionsclaíoch sa bhithgheilleagar, sin agus ceadú cuíchóirithe le haghaidh tionscadail bhithmhonaraíochta.

Tá sé ríthábhachtach measúnuithe riosca tapa comhréireacha a dhéanamh ar réitigh bhithbhunaithe núíosacha. Sa lá atá inniu ann, is iad an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach a dhéanann na measúnuithe sin. Tá a gcuid saineolais fíor-riachtanach, ach is minic a bhíonn ar nuálaithe dul i ngleic le nósanna imeachta atá ilroinnte agus fada, go háirithe nuair nach n-oireann réitigh bhithbhunaithe nua go beacht do chatagóirí rialála atá ann cheana.

Bunóidh an Coimisiún **Fóram Eorpach na Rialtóirí agus na Nuálaithe Bithgheilleagair** mar spás struchtúrtha chun dea-chleachtais a mhalartú i ndáil le measúnuithe riosca ar réitigh bhithbhunaithe núíosacha, faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus dul i mbun plé luath le gnólachtaí a fhorbraíonn réitigh bhithbhunaithe núíosacha. Comhordóidh sé gníomhaíochtaí náisiúnta agus gníomhaíochtaí AE chun dlús a chur le húdaruithe maidir le hiontrálaithe nua agus chun bacainní a bhaint.

Taobh amuigh den Fhóram, is gá **formheasanna a dhéanamh níos tapúla, níos soiléire agus níos simplí**. Cuirfidh an Coimisiún treoraíocht ar fáil maidir leis an gcaoi táirgí bithbhunaithe nua a aicmiú agus cruthóidh sé pointe iontrála aonair ar líne ionas nach mbeidh ar chuideachtaí faisnéis a chur isteach ach aon uair amháin. Déanfar comhordú níos fearr ar mheasúnuithe riosca ó ghníomhaireacht AE go chéile chun dúbláil a sheachaint agus chun agaí feithimh a laghdú.

Cuirfidh an Coimisiún **tacaíocht theicniúil ar fáil do FBManna a dhéanann táirgí bithbhunaithe nuálacha a scálú chun dlús a chur le húdaruithe, agus ardchaighdeáin sábháilteachta á gcoinneáil ar bun san am céanna**. Tacóidh an Coimisiún le FBManna atá ag forbairt táirgí nuálacha bunaithe ar choipeadh ardfhorbartha go háirithe, lena n-áirítear le haghaidh bia agus beatha.

Chun lúfaireacht rialála a mhéadú, ligean do nuálaithe bithgheilleagair smaointe nua a fhorbairt agus a thástáil, fianaise a bhailiú, sin agus chun a chinntiú go leanann an rialáil

---

[26] An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), *Bio-Based Chemicals in REACH* [Ceimiceáin Bhithbhunaithe in REACH], 2023.

de bheith ag tacú leis an nuálaíocht, **cuirfidh an Coimisiún úsáid na dtimpeallachtaí tástála chun cinn** amhail boscaí gainimh rialála sa bhithgheilleagar, lena n-áirítear i gcomhthéacs Ionstraim an Aontais um Nuálaíocht atá ar na bacáin.

Bainfidh an bhith-theicneolaíocht agus an bhithmhonaraíocht tairbhe freisin as caighdeáin atá níos soiléire agus níos comhsheasmhaí agus a thacaíonn le glacadh sa mhargadh. Chun leanúint de bheith iomaíoch sna réimsí casta sin a bhíonn ag athrú go gasta, cuirfidh an Coimisiún dlús le forbairt chaighdeáin an bhithgheilleagair agus le forbairt na méadreolaíochta. Neartóidh sé a infheistíochtaí faoin CAI reatha i ngníomhaíochtaí réamhnormatacha trí réamhchaighdeáin straitéiseacha a fhorbairt, a thástáil agus a bhailíochtú i dtimpeallacht fíorshaoil, lena n-áirítear maidir le sonraí.

Faoin **Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta**, tá feidhm ag saintréithe fíor-riachtanacha a bhaineann le himoibriú le dóiteán agus friotaíocht in aghaidh dóiteáin cheana féin maidir le gach táirge foirgníochta i gcás inarb ábhartha, agus ní mór do mhonaróirí dearbhú a thabhairt faoin bhfeidhmíocht dá réir sin. Tá cleachtais náisiúnta éagsúla fós ag cruthú dúbailte le haghaidh na dtáirgí foirgníochta bithbhunaithe sin nach bhfuil comhchuibhithe go fóill. Chun aghaidh a thabhairt ar na neamhréireachtaí sin, oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit, le lucht tionscail agus le comhlachtaí um chaighdeánú chun tosaíocht a thabhairt d’fhorbairt agus athbhreithniú na gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha laistigh de chreat an Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta (trí iarrataí ar chaighdeánú a ghlacadh le haghaidh doirse agus fuinneog, táirgí/eilimintí adhmaid struchtúracha agus gabhálais, painéil agus eilimintí adhmadbhunaithe agus táirgí inslithe theirmigh in 2026). Leis an obair sin, áiritheofar gur féidir modhanna tástála agus cuir chuige aicmiúcháin an Aontais atá ann cheana a chur i bhfeidhm ar bhealach comhchuibhithe maidir le hadhmad agus táirgí bithbhunaithe eile, agus é á urramú go hiomlán gur inniúlacht náisiúnta i gcónaí iad ceanglais sábháilteachta dóiteáin ar leibhéal an fhoirgnimh.

*Bacainní neamhrialála*

**I gcomparáid le roghanna iontaise-bhunaithe, féadann táirgí bithbhunaithe sochair chomhshaoil a sholáthar nach mbíonn le feiceáil ag tomhaltóirí i gcónaí.** Leis an athbhreithniú leanúnach ar mhodhanna **Lorg Comhshaoil an Táirge**, cuirfear feabhas ar an gcaoi a ndéantar ábhair, ceimiceáin agus táirgí bithbhunaithe a mheasúnú agus a chur i gcomparáid le chéile. Áirítear leis sin cuntasaíocht carbóin bhithghinigh a neartú, táscairí maidir leis an mbithéagsúlacht agus micreaphlaistigh a chur leis an measúnú agus modhanna measúnaithe ciorclaíochta a bheachtú. Cuirfidh sé sonraí ar cháilíocht níos airde ar fáil freisin chun tacú le measúnuithe trédhearcacha inchreidte.


## 1.2 Nuálaíocht agus Infheistíochtaí a Spreagadh

Tá teicneolaíochtaí bithbhunaithe agus biteicneolaíocht thionsclaíoch dian ar chaipiteal: éilíonn siad infheistíochtaí tosaigh substaintiúla i mbonneagar T&N, taispeána agus monaraíochta. D’ainneoin tacaíocht ó chistí agus ionstraimí an Aontais chun nuálaíocht agus infheistíocht a dhí-rioscú, ní leor fós na deiseanna cistiúcháin do ghnólachtaí bithgheilleagair nuathionscanta agus do ghnólachtaí bithgheilleagair atá ag méadú agus iad ar an gconair ón bhfionnachtain saotharlainne go dtí an cur chun margaidh. Bíonn **dhá ‘ghleann báis’** rompu:

Bíonn an chéad cheann idir céim na taispeána agus an chéad táirgeadh tráchtála, nuair nach mór do theicneolaíochtaí a n-inmharthanacht theicniúil agus eacnamaíoch a chruthú. D’fhéadfadh riachtanais chaipitil arda agus rioscaí margaidh a mheastar a bheith ann

maoiniú príobháideach a dhíspreagadh ag an gcéim seo. Bíonn an dara 'gleann báis' le sárú tar éis iontráil tosaigh sa mhargadh, nuair a fhéachann cuideachtaí le huas-scálú a dhéanamh ar tháirgeadh tionsclaíoch. Sa chás sin, is é an dúshlán atá ann bogadh i dtreo scála tionsclaíoch. Bíonn caipiteal substaintiúil forbraíochta agus cinnteacht fhadtéarmach ceannaigh ag teastáil chuige sin.

Fíor 2: An dá ghleann báis a bhíonn ann agus an bithgheilleagar á scálú san Eoraip




Foinse: Graf ón gCoimisiún Eorpach bunaithe ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí agus ar a anailís féin

Leis an **Straitéis um Eolaíochtaí Beatha na hEorpa** agus an **Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú**, cuirtear an creat ar fáil chun dlús a chur leis an nuálaíocht, rochtain ar an margadh a fheabhsú agus tacú le huas-scálú, lena n-áirithítear go rachaidh an inbhuanaitheacht agus an t-iomaíochas chun cinn le chéile. Ba cheart é sin a chomhlánú le roinnt beart atá dírithe go sonrach ar infheistíocht agus ar nuálaíocht sa bhithgheilleagar, agus béim ar chéimeanna níos déanaí de thuras an uas-scálaithe go háirithe.

*Infheistíochtaí a dhí-rioscú chun an nuálaíocht a uas-scálú*

Chun é a chur ar a gcumas do chuideachtaí uas-scálú na nuálaíochta a mhaoiniú, tá sé ríthábhachtach rioscaí infheistíochta a laghdú, maoiniú cumaiscthe a shlógadh agus inmharthanacht airgeadais na réiteach ceannródaíoch a neartú. Ba cheart rochtain ar mhaoiniú fiontair ag céim luath agus ag céim dhéanach a éascú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, agus béim ar leith á leagan ar infheisteoirí a mhealladh atá dírithe ar an mbithgheilleagar, sin agus ar chistí tioncharbhunaithe a mhealladh a fhéadann tacú le tionscadail fhadtéarmacha atá trom ó thaobh caipitil de, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar mhaoiniú a chur in oiriúint do riachtanais FBManna agus ar aghaidh a thabhairt ar leibhéil ullmhachta teicneolaí.

Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh **an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile** (CAI 2028-2034), méadaítear an cistiú don bhithgheilleagar **tríd an gCiste Eorpach um Iomaíochas** (CEI), agus trí ghné bheartais an chláir réime **Fís Eorpach** maidir le sláinte, bith-theicneolaíocht, talmhaíocht agus an bithgheilleagar. Leis sin, slógfar cistiú taighde

agus nuálaíochta agus infheistíocht mhórscála feadh an tslabhra luacha iomláin, lena n-áirítear bainistiú inbhuanaithe talún. Déanfar cur in úsáid tionsclaíoch a dhí-rioscú freisin, rud a líonfaidh na bearnaí idir taighde, nuálaíocht agus uas-scálú margaidh.

Idir an dá linn, tá cláir faoin CAI reatha fós ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an bhithgheilleagair. Ní mór iad sin a chur chun feidhme go hiomlán, agus na moltaí ó Ghrúpa BEI á gcur san áireamh freisin. I measc na moltaí sin, tá clár treisithe bithgheilleagair a fhorbairt, an leas is fearr is féidir a bhaint as iarratais ar dheontas suaitheanta an Chomhghnóthais um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach (Comhghnóthas CBE) agus solúbthacht i dtacaíocht tionscadail a mhéadú (e.g. infheistíochtaí ardriosca i bhfiontair luathchéime)[27]. Cuireann **an Comhbheartas Talmhaíochta** (CBT) samhlacha éagsúla ar fáil le haghaidh infheistíochtaí comhoibríocha i bpróiseáil ón mbun aníos agus i margú na slabhraí luacha nua, agus luach á chruthú ó bhithmhais neamhshaothraithe, sin agus i dtáirgeadh príomhúil a nascadh le hinfheistíochtaí tionsclaíocha, rud a chuireann le fás agus fostaíocht tuaithe. Tacaíonn HERA Invest le FBManna agus le gnólachtaí nuathionscanta a infheistíonn in MCManna[28] maidir le réitigh um laghdú agus cosc rioscaí sláinte a d'fhéadfadh, i gcás inarb ábhartha, úsáid a bhaint as acmhainní bithbhunaithe agus as an mbith-theicneolaíocht. Tacaíonn **Geilleagar Gorm InvestEU**, ar ionstraim maoiniúcháin chumaiscthe é, le caipiteal fiontair agus le hinfheistíocht phríobháideach sa bhithgheilleagar gorm.

Cuirfidh an Coimisiún feabhas ar an rochtain ar mhaoiniú agus ar sheirbhísí gaolmhara atá ag gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú sa bhithgheilleagar **tríd an gCiste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú** agus trí **ionstraimí eile de chuid na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí**, i ndlúthchomhar le BEI, le gníomhaithe airgeadais eile agus le páirtithe leasmhara náisiúnta agus réigiúnacha. Is in 2026 a chuirfidh sé tús leis sin.

Ó 2026 ar aghaidh, oibreoidh an Coimisiún le lucht tionscail agus le páirtithe leasmhara chun athbhreithniú a dhéanamh ar **Chomhghnóthas CBE** agus chun an fhormáid chomhair is éifeachtaí le haghaidh an chéad CAI eile a chinneadh, lena n-áiritheofar tionchar agus luach ar airgead.

Ar mhaithe **le hinfheisteoirí príobháideacha a mhealladh**, sainaithneoidh an Coimisiún uirlisí airgeadais chun cur le cleachtais rathúla amhail an **Ciste Eorpach um Bithgheilleagar Ciorclach**, trí BEI agus trí bhainc náisiúnta le haghaidh spreagadh. Oibreoidh an Coimisiún freisin chun a áirithiú go ndéanfar bithmhonaraíocht inbhuanaithe agus gníomhaíochtaí bithbhunaithe eile a aithint go hiomchuí sna hathbhreithnithe ar Ghníomhartha Tarmligthe an Aontais maidir le Tacsanomaíocht atá ar na bacáin, ar mhaithe le deimhneacht infheistíochta a fheabhsú.

Chun na hionstraimí sin go léir a thabhairt le chéile, tionólfaidh an Coimisiún **Grúpa um Chur in Úsáid Infheistíochta Bithgheilleagair** maidir le maoiniú agus infheistíocht, lena gcomhcheanglófar taighde, taispeáint agus maoiniú uas-scálaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Beidh an Coimisiún, Grúpa BEI, bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh agus infheisteoirí príobháideacha sa ghrúpa sin. Cruthóidh sé píblíne tionscadal atá iontaofa ó thaobh brabúis de, comhroinnfidh sé riosca ar bhealach níos éifeachtaí agus déanfaidh sé caipiteal príobháideach a phlódú isteach. Ba cheart go mbeadh an cur chuige comhordaithe sin ina chuidiú infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a shlógadh sna 10

[27] Grúpa BEI, *Scaling up Europe's Bio-based industries* [Tionscail Bhithbhunaithe na hEorpa a uas-scálú], 2025

[28] Frithbhearta Leighis (MCManna)

mbliana amach romhainn, go háirithe le haghaidh **bithscaglanna ceannródaíocha, saoráidí coipthe ardfhorbartha agus monaraíocht ábhar bithbhunaithe**.

*Tacaíocht do scaipeadh na dteicneolaíochtaí, na dtionscadal píolótach agus na dtionscadal taispeána*

Scrogall mór eile do ghnólachtaí bithgheilleagair nuathionscanta agus do ghnólachtaí bithgheilleagair atá ag méadú is ea rochtain theoranta ar bhonneagar píolótach agus uas-scálaithe. Tacóidh an Coimisiún le rochtain níos fearr ar bhonneagair den sórt sin, agus é ag tógáil ar shineirgí atá ann cheana idir cláir an Aontais, amhail na comhpháirtíochtaí idir **Chúnamh Glas** agus an **Líonra Fiontar Eorpach**.

Tá an Coimisiún ag obair leis na Ballstáit chun tosaíochtaí infheistíochta sa bhithgheilleagar a ailíniú agus chun comhordú shásraí tacaíochta an Aontais le tionscadail náisiúnta a threorú, lena n-áirítear comhordú i ndáil le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna). Tá an slabhra luacha bith-theicneolaíochta agus bithmhonaraíochta á scrúdú **ag an bhFóram Comhpháirteach Eorpach um IPCEInna** chun tionscadail fhéideartha a shainaithint. Féadfaidh na Ballstáit bearta cabhracha a cheapadh chun tacú le IPCEInna le haghaidh taighde agus forbairt mórnuálaíochta agus an chéad chur in úsáid tionsclaíoch i gcás teicneolaíochtaí atá ríthábhachtach don aistriú glan, nó tionscadail bhonneagair thábhachtacha.

## 2. Margaí tosaigh a fhorbairt le haghaidh Ábhar agus Teicneolaíochtaí

**Trí mhargaí tosaigh a shainaithint agus a neartú**, ar margaí iad ina mbíonn dálaí éilimh intuartha ag réitigh bhithbhunaithe, is féidir teacht ar infheistíocht phríobháideach agus uas-scálú a chumasú. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d’earnálacha ina bhfuil na réitigh bhithbhunaithe a chuireann an breisluach is airde ar fáil agus atá gar don chur chun margaidh nó atá aibí ó thaobh tionsclaíochta de cheana féin, ag tógáil ar shlabhraí luacha atá ann cheana chun éifeachtúlacht bhreise acmhainní, glacadh níos tapúla agus tionchar eacnamaíoch infheicthe a áirithiú, agus an leas is fearr is féidir á bhaint as acmhainní bithmhaise na hEorpa mar bhonn do mhargaí bithgheilleagair. In 2022, is chun na gcríoch seo a leanas a úsáideadh bithmhais san Eoraip go príomha: beatha ainmhithe (38 %), fuinneamh (29 %), ábhair (24 %) agus bia (9 %). Sna 10 mbliana a chuaigh thart, tháinig méadú 14 % ar úsáid bithmhaise le haghaidh fuinnimh, agus tháinig méadú 11 % ar úsáid ábhar[29]. Tá ról ag an mbithfhuinneamh fós sa tslándáil fuinnimh, go háirithe i gcás inarb amhlaidh go n-úsáideann sé fuíll, nach méadaíonn sé truailliú uisce agus aeir agus go gcomhlánaíonn sé foinsí fuinnimh in-athnuaite eile.

### 2.1. Úsáid Éifeachtúil na Bithmhaise

Is éard atá i gceist **le húsáid éifeachtúil na bithmhaise** í a dhíriú i dtreo feidhmeanna ar luach níos airde agus brúnna ar éiceachórais a laghdú, agus san am céanna dálaí áitiúla agus fíorstaid an mhargaidh á léiriú:

- slándáil bia agus cothaithe, agus seirbhísí éiceachórais á gcoinneáil ar bun agus á bhfeabhsú san am céanna;
- i gcás inarb indéanta, ba cheart bithmhais a úsáid le haghaidh táirgí agus ábhair ar luach

[29] Achoimre ar bheartas JRC, *Biomass supply and demand in the EU 2012-2022* [Soláthar agus éileamh bithmhaise san Aontas Eorpach 2012-2022]

níos airde a stórálann carbón ar feadh tréimhse níos faide agus a thagann in ionad ábhair iontaise-bhunaithe;
- féadfar sruthanna iarmharacha agus tánaisteacha a úsáid le haghaidh fuinnimh, go háirithe i gcás nach bhfuil aon réiteach dícharbónaithe eile ann, nó i gcás ina ndéanfar slándáil fuinnimh agus inacmhainneacht fuinnimh a áirithiú leis sin.

Agus measúnú á dhéanamh ar an gconair úsáide is éifeachtúla i gcinntí beartais agus infheistíochta, áirítear ar na tosca ábhartha cáilíocht na bithmhaise; cineál an bhunábhair (príomhúil vs. tánaisteach); infhaighteacht na bithmhaise le himeacht ama; bealaí eile chun an tseirbhís chéanna a sholáthar i bhfianaise na hinbhuanaitheachta, na dtionchar comhshaoil agus na ciorclaíochta; bonneagar agus acmhainneacht phróiseála; agus an comhthéacs áitiúil.

Amach anseo, ba cheart tacú le húsáid éifeachtúil iomchuí na bithmhaise trí **Phleananna Straitéiseacha CBT**, **Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide**, **an Beartas Comhtháthaithe** agus **straitéisí bithgheilleagair náisiúnta nó réigiúnacha**. Tá an cur chuige sin i gcomhréir go hiomlán le **Creat Státchabhrach an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan**, lena spreagtar na Ballstáit chun a áirithiú go mbíonn tionscadail agus gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó státchabhair ag rannchuidiú leis an ngeilleagar ciorclach a mhéid is féidir. Chun tacú leis na Ballstáit agus le gníomhaithe margaidh, cuirfidh an Coimisiún feabhas ar thrédhearcacht na sreabh bithmhaise faoi na sásraí tuairiscithe agus faireacháin atá ann cheana agus comhroinnfidh sé samplaí agus cuir chuige phraiticiúla tríd an **Lárionad Eolais um an Bithgheilleagar**. Áireofar san obair sin measúnú comhsheasmhach cuimsitheach ar thionchair chomhshaoil agus comhbhabhtálacha comhshaoil ó thaobh saolré de[30], agus ar acmhainneacht eacnamaíoch i gcur chuige uile-chórais, e.g. trí shamhaltú eacnamaíoch.

In 2026, dearfaidh an Coimisiún pacáiste an Aontais Fuinnimh le haghaidh na 10 mbliana amach romhainn agus cuirfidh sé san áireamh an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme **na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite**, lena n-áirítear na critéir atá inti maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, chomh maith le forbairtí teicneolaíocha san fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite. Ina theannta sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil faoi 2027, i gcomhréir le hAirteagal 3(3) den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, maidir le tionchar scéimeanna tacaíochta na mBallstát le haghaidh bithmhaise, lena n-áirítear an tionchar ar an mbithéagsúlacht, ar an aeráid agus ar an gcomhshaol, agus maidir leis an saobhadh margaidh a d'fhéadfadh a bheith ann.

Beidh ról ag bithbhreoslaí fós i ndícharbónú earnáil an iompair, go háirithe eitlíocht agus muiriompar, mar aon le hiompar tromshaothair cianaistir san aistriú chuig an leictriú. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ó 2025 ar aghaidh, arna spreagadh go páirteach ag na tionscnaimh 'ReFuelEU Aviation' agus 'FuelEU Maritime'. Tá infhaighteacht na bithmhaise inbhuanaithe fós teoranta, áfach, agus is éifeachtaí í a úsáid in earnálacha inar deacair astaíochtaí a laghdú. Mar a leagtar amach sa Phlean Infheistíochta um Iompar Inbhuanaithe, tacóidh an Straitéis seo le slabhra luacha atá comhleanúnach, ciorclach agus inbhuanaithe chun na gcríoch sin.

---

30 SINKKO, T., CASONATO, C., VALENZANO, A., WIERZGALA, P. agus LISTORTI, G., *Substituting conventional products with bioeconomy innovations: analysis of potential environmental impacts using a Life Cycle Assessment perspective* [Táirgí traidisiúnta a ionadú le nuálaíochtaí bithgheilleagair: anailís ar na tionchair chomhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann trí úsáid a bhaint as measúnú saolré], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025, JRC142832

### 2.2. Cumasóirí le haghaidh mhargaí tosaigh an bhithgheilleagair ó earnáil go chéile: Soláthar poiblí agus comhghuaillíochtaí tionscail deonacha

Féadann an soláthar poiblí a bheith ina chuidiú éileamh luath ar ábhair agus réitigh nuálacha a chruthú. Leis an athbhreithniú atá le teacht ar na Treoracha maidir le Soláthar Poiblí, féachfar, i measc nithe eile, le soláthar poiblí na réiteach bithbhunaithe a chur chun cinn agus a éascú a thuilleadh. Ina theannta sin, **tacóidh an Coimisiún le ceannaitheoirí poiblí ar mian leo réitigh bhithbhunaithe a mheas i bpróisis soláthair ábhartha**.

Féadann tionscnaimh tionscail dheonacha a bheith ina gcuidiú comharthaí éilimh níos soiléire a chruthú agus éiginnteacht infheistíochta a laghdú, go háirithe i gcás saoráidí táirgeachta ceannródaíocha. Comhlánaíonn siad simpliú rialála agus uirlisí maoiniúcháin trí ionchais an mhargaidh a ailíniú agus trí fheabhas a chur ar chomhordú ar fud an tslabhra luacha.

Forbróidh an Coimisiún **tionscadal píolótach maidir leis an mBithgheilleagar faoin Uirlis um Chomhordú Iomaíochais** (UCI), i gcomhréir leis an gCompás Iomaíochais. Is é is aidhm don tionscadal UCI seo **an t-éileamh is gá a chruthú** a chuirfidh dlús le hullmhacht thionsclaíoch na n-ábhar bithbhunaithe, agus ról na dtáirgeoirí bithmhaise príomhúla sa slabhra luacha á chur san áireamh agus á áirithiú go mbeidh **rochtain ag gnólachtaí nuathionscanta ar na saoráidí taispeána is gá** chun a dtáirgí nua a thástáil. Chun na críche sin, tacóidh an tionscadal seo le cruthú 'Chomhghuaillíocht na hEorpa Bithbhunaithe', ar **comhghuaillíocht dheonach corparáidí** í a d'fhéadfadh éileamh iontaofa intuartha ar ábhair agus táirgí bithbhunaithe a áirithiú, rud a chuirfeadh infheisteoirí príobháideacha ar a suaimhneas maidir lena n-infheistíochtaí i saoráidí atá dian ar chaiteachas caipitiúil, chomh maith leis na **comhaontuithe ceannaigh** is gá a ráthú. Leis an tionscadal píolótach UCI maidir leis an mBithgheilleagar, chothófaí cruthú **saoráidí nua um bonneagar taispeána bithmhonaraíochta** (Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaí 5-7). Chuirfeadh sin ar chumas gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí nuálacha tástáil a dhéanamh ar inmharthanacht fréamhshamhlacha agus táirgí nua. Le **Comhghuaillíocht na hEorpa Bithbhunaithe**, tabharfar le chéile cuideachtaí AE atá tiomanta d'ábhair, táirgí agus feidhmeanna bithbhunaithe, ar fiú EUR 10 mbilliún iad, a cheannach i dteannta a chéile faoi 2030. Trí ionstraimí praiticiúla maoiniúcháin chumaiscthe a fhorbairt atá saincheaptha do shainiúlachtaí na n-earnálacha éagsúla den bhithgheilleagar, is féidir leis an Aontas cuidiú feabhas a chur ar mhuinín infheisteoirí i gcéimeanna uas-scálaithe, lena n-áirítear i gcás FBManna agus táirgeoirí réigiúnacha.

Sna **treoirlínte ón gCoimisiún maidir le comhaontuithe um chomhar cothrománach**, tugtar prionsabail ghinearálta agus samplaí nithiúla den chaoi ar féidir le comhaontuithe inbhuanaitheachta rialacha iomaíochta an Aontais a chomhlíonadh. I gcás ina ndéanann cuideachtaí soiléireacht a lorg maidir le samhlacha comhair, is féidir leis an gCoimisiún treoraíocht shaincheaptha bhreise a sholáthar de réir na gcoinníollacha a shonraítear **san Fhógra maidir le Treoraíocht Neamhfhoirmiúil**.

### 2.3. Margaí tosaigh le haghaidh ábhar

Is minic a bhíonn deacrachtaí ag ábhair bhithbhunaithe barainneachtaí scála a bhaint amach, rud a fhágann go mbíonn costais táirgthe níos airde ann. Is é an toradh a bhíonn air sin go mbíonn éileamh níos ísle ann, agus cuireann an t-éileamh íslithe sin teorainn le fás agus infheistíocht. Tá dúshláin chomhchosúla le sárú i bhformhór na margaí le haghaidh bitheábhar agus teicneolaíochtaí: iomaíocht costas le roghanna iontaise-bhunaithe, rioscaí

maidir le soláthar bunábhair, éileamh lag an mhargaidh, barainneachtaí scála ísle agus amlínte údarúcháin níos faide.

Sainaithníodh go bhfuil ardacmhainneacht ag na margaí tosaigh seo a leanas na dúshláin sin a shárú trí thionscnaimh spriocdhírithe agus **an bithgheilleagar a uas-scálú**.

Is féidir **plaistigh agus polaiméirí bithbhunaithe**, chomh maith le hábhair bhithbhunaithe um pacáistiú snáithíní, a chur in ionad ábhair iontaise-bhunaithe. Is roghanna iad na hábhair bhithbhunaithe sin atá déanta as foinsí bithmhaise in-athnuaite (e.g. stáirse, lignin nó algaí). Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear astu i bpacáistíocht, i gcomhpháirteanna gluaisteán agus i bhfeidhmeanna tionsclaíocha, agus tá feabhas ag teacht ar an bhfeidhmíocht trí thaighde agus nuálaíocht leanúnach, lena n-áirítear dearadh ábhair digiteach agus IS-chuidithe[31].

| |
|---|
| *Tairbhí:*<br><br>- **lorg carbóin níos ísle** i gcomparáid le gnáthphlaistigh (spleách ar pholaiméirí);<br>- an acmhainneacht **spleáchas ar allmhairí a laghdú** i gcás bunábhair cheimiceacha barrthábhachtacha;<br>- tacaíocht **do chruthú athluachála** nuair a úsáidtear bithmhais a fhaightear go háitiúil;<br>- forbairt feidhmeanna nua le haghaidh **plaistigh in-bhithdhíghrádaithe**. |

*Bearta chun tacú le héileamh agus infheistíocht:*

Faoin **Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht**, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:
- tacú le sainaithint agus glacadh **plaisteach bithbhunaithe agus ábhar núíosach**, i gcomhlántacht le **spriocanna maidir le hábhar athchúrsáilte**, lena n-áiritheofar cur chuige comhleanúnach ó fheidhm go chéile;
- measúnú a dhéanamh féachaint an bhféadfadh sainmhínithe uile-Aontais tacú le **deimhniú agus scálú polaiméirí bithbhunaithe**.

**I dteicstílí ó shnáithíní agus fabraicí bithbhunaithe**, bíonn snáithíní nádúrtha (cadás, líon, cnáib agus olann) agus snáithíní ceallalóis de dhéantús an duine ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe, rud a fhéadann foinse iontaofa inrianaithe ceallalóis a sholáthar le haghaidh na snáithíní sin, agus tacú le slabhraí luacha réigiúnacha.

| |
|---|
| *Tairbhí:*<br><br>- **bunábhair in-athnuaite** a bhfuil acmhainneacht táirgeachta Eorpach dhea-bhunaithe acu;<br>- is féidir **tacú le slabhraí soláthair atá inrianaithe agus fréamhaithe go réigiúnach**;<br>- seachnaítear scaoileadh micreaphlaisteach isteach sa chomhshaol;<br>- éileamh méadaitheach ar shnáithíní teicstíle a bhfuil tionchar níos ísle acu;<br>- acmhainneacht maidir le **luach níos airde a choinneáil**, lena n-áirítear **i réigiúin** |

[31] *Towards a circular economy: biopolymers by machine learning*, arna aisghabháil: 18.10.2025

**tuaithe**.

*Bearta chun tacú le héileamh agus infheistíocht:*

- Leis an **Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe** (RETI), leagfar síos **ceanglais feidhmíochta agus mharthanachta le haghaidh teicstílí**, lena n-áirítear iad sin atá déanta as snáithíní bithbhunaithe.
- Leis an athbhreithniú ar mhodhanna **Lorg Comhshaoil an Táirge**, breithneofar **táscairí** atá ábhartha maidir le feidhmíocht snáithín, scaoileadh micreashnáithíní agus lorg comhshaoil, rud a éascóidh tuiscint custaiméirí ar shochair na n-ábhar amhail teicstílí bithbhunaithe.
- Fiosróidh **fócasghrúpa Líonra CBT** conas acmhainneacht próiseála olla an Aontais agus éagsúlú ioncaim feirmeoirí a neartú.

Díorthaítear **ceimiceáin bhithbhunaithe** ó **acmhainní bitheolaíocha in-athnuaite**, amhail plandaí, adhmad, algaí agus fuíll talmhaíochta, agus úsáidtear iad in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear cógaisíocht, bia agus deochanna, teicstílí, táirgí cúraim phearsanta agus feidhmeanna tionsclaíocha.

*Tairbhí:*

- **Astaíochtaí próisis 30–50 % níos ísle** (ag brath ar an gconair);
- féadann **próisis mhiocróbacha agus einsímeacha** tacú le táirgeadh fuinnimh níos ísle;
- deiseanna chun **ionchuir pheitriceimiceacha a ionadú** agus **spleáchas ar allmhairí a laghdú**.

*Bearta chun tacú le héileamh agus infheistíocht:*

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- tacú le huas-scálú na biteicneolaíochta tionsclaíche chun ceimiceáin bhithbhunaithe a tháirgeadh;
- an t-éileamh ar cheimiceáin bhithbhunaithe agus táirgeadh na gceimiceán bithbhunaithe a spreagadh, amhail an fhéidearthacht ceanglais maidir le cion bithbhunaithe a thabhairt isteach le haghaidh táirgí áirithe a chuirtear ar mhargadh aonair an Aontais.

Áirítear **ar tháirgí foirgníochta bithbhunaithe** adhmad agus ábhair in-athnuaite eile amhail cnáib, tuí, micéiliam agus comhchodaigh shnáithínbhunaithe. Is í an earnáil tógála is cúis le **breis agus 35 %** de ghiniúint dramhaíola an Aontais agus le **5-12 %** d'iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa náisiúnta[32]. Úsáid táirgí bithbhunaithe, sin rud a fhéadann cuidiú le laghdú **thart ar 40 %** a dhéanamh ar charbón corpraithe agus ar an éileamh ar fhuinneamh[33] i bhfoirgnimh[34].

*Tairbhí:*

- **carbón corpraithe agus éileamh ar fhuinneamh níos ísle**;

[32] Foirgnimh agus foirgníocht - An Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna
[33] An Tionscadal BIOBUILD - Réitigh Theirmeacha d'Fhoirgnimh Ghlasa
[34] *Paving the way for lowering embodied carbon emissions in the building and construction sector | Clean Technologies and Environmental Policy*

- **stóráil fhadtéarmach carbóin** i bhfoirgnimh;
- slabhraí soláthair na n-ábhar a **éagsúlú**;
- tacaítear le héiceachórais phróiseála **réigiúnacha**.

*Bearta chun tacú le héileamh agus infheistíocht:*

Faoin **Rialachán athbhreithnithe maidir le Táirgí Foirgníochta**, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- leanúint den obair **chaighdeánaithe** le haghaidh táirgí foirgníochta bithbhunaithe agus **caighdeáin** a áirithiú ionas gur féidir comparáid chóir a dhéanamh idir gnáthábhair agus ábhair nuálacha, agus margadh an Aontais a oscailt agus a leathnú a mhéid a bhaineann le táirgí foirgníochta bithbhunaithe;
- i gcás táirgí foirgníochta bithbhunaithe nua nach bhfuil comhchuibhithe go fóill, le caighdeáin a bheidh ann amach anseo áiritheofar gur féidir a bhfeidhmíocht, lena n-áirítear iompraíocht dóiteáin, a chur i gcomparáid go díreach le táirgí comhchosúla atá déanta as ábhair dhifriúla, rud a chuirfidh feabhas ar a n-iomaíochas agus ar a gcúrsaíocht laistigh den mhargadh aonair.

Chun glacadh sa mhargadh a spreagadh, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- tacú le foirgníocht thionsclaithe agus mhodúlach a úsáideann ábhair bhithbhunaithe mharthanacha, trí rannchuidiú le hobair chaighdeánaithe, le samhlacha soláthair phoiblí agus le tionscadail tagartha faoin Straitéis Foirgníochta (2026);
- tacú leis an measúnú saolré iomláine ar astaíochtaí gás ceaptha teasa foirgneamh faoin **Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh**;
- modheolaíocht a fhorbairt chun stóráil fhadtéarmach carbóin bhithghinigh i bhfoirgnimh a dheimhniú **faoin gCreat Deimhniúcháin maidir le hAistrithe Carbóin agus Feirmeoireacht Carbóin** (ACFC).

Leanfaidh Bauhaus Eorpach Nua de na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- **tacú le tionscadail taispeána** (e.g. athchóirithe scoile, tithíocht shóisialta, spásanna intí poiblí);
- **dearthóirí, ailtirí, monaróirí, tógálaithe, cathracha agus údaráis a bhainistíonn cistí AE, náisiúnta agus réigiúnacha a nascadh le chéile**;
- feabhas a chur **ar ghlacadh agus infheictheacht margaidh**.

Déanfaidh Acadamh Bauhaus Eorpaigh Nua an méid seo a leanas:
- tacú **le hoiliúint agus forbairt scileanna** le haghaidh foirgníocht bhithbhunaithe agus dhúlrabhunaithe;
- **tacaíocht** spriocdhírithe a chur ar fáil **do FBManna agus d'éiceachórais nuálaíochta**;
- tacú le **taighde agus nuálaíocht**.

**Leasacháin bhithbhunaithe agus táirgí cosanta plandaí.** Le táirgí leasacháin bithbhunaithe, áirítear miocrorgánaigh, cothaithigh athchúrsáilte agus comhdhúile bithbhunaithe a fheabhsaíonn torthúlacht na hithreach agus infhaighteacht na

gcothaitheach. Le táirgí cosanta plandaí bithbhunaithe, áirítear miocrorgánaigh agus substaintí nádúrtha (amhail eastóscáin plandaí agus substaintí bithbhunaithe eile) a chuidíonn sláinte plandaí a bhainistiú. Féadann leasacháin bhithbhunaithe spleáchas ar allmhairí agus an lorg carbóin a laghdú agus san am céanna luach eacnamaíoch a bhaint as fuíll talmhaíochta agus dramhaíl orgánach áitiúil.

*Tairbhí:*

- **spleáchas** ar **ionchuir shintéiseacha a laghdú**;
- tacú le **feidhmeanna ithreach** agus **éifeachtúlacht acmhainní**;
- **slabhraí luacha ciorclacha** a chumasú trí sheachtháirgí talmhaíochta agus próiseála a úsáid;
- **spleáchas ar allmhairí a laghdú** i gcás príomh-ionchuir talmhaíochta; agus
- **roghanna praiticiúla agus inoiriúnaithe a chur ar fáil d'fheirmeacha** ar scálaí éagsúla.

*Bearta chun tacú le héileamh agus infheistíocht:*

Le conairí údarúcháin níos soiléire agus infheictheacht margaidh fheabhsaithe, d'fhéadfadh méadú nach beag teacht ar an nglacadh faoi 2040.

Leis an **omnibus simpliúcháin le haghaidh ceimiceán**, déanfar cuíchóiriú ar na nósanna imeachta measúnúcháin le haghaidh miocrorgánaigh áirithe i dtáirgí leasacháin. Ina theannta sin, sa phacáiste simpliúcháin maidir le Sábháilteacht Bia agus Beatha atá ar na bacáin, molfaidh an Coimisiún bearta chun dlús a chur le rochtain ar an margadh le haghaidh bithlotnaidicídí.

Agus meastóireacht á déanamh ar an **Rialachán maidir le Táirgí Leasacháin** (atá le teacht i mí Iúil 2026), scrúdóidh an Coimisiún an bhfuil a chuspóir á bhaint amach ag an Rialachán maidir le húsáid ábhar orgánach agus ábhar aisghafa a chur chun cinn. Bunaithe ar an meastóireacht, d'fhéadfadh an Coimisiún bearta spriocdhírithe a mholadh (e.g. treoraíocht thiomnaithe, ardáin sonraí choiteanna nó measúnuithe riosca cuíchóirithe le haghaidh tréithchineálacha miocróbacha).

Trí **Líonra CBT an Aontais**, tacóidh an Coimisiún le malartuithe eolais agus le húsáid chiorclach cothaitheach, agus méadóidh sé **eolas ar an ábhar sin agus glacadh praiticiúil** i measc feirmeoirí agus comhairleoirí. Thairis sin, leis an nGníomh Tarmligthe maidir le **Nítrigin Aisghafa ó Aoileach**, tugtar rogha i dtaobh **aoileach próiseáilte** a úsáid faoi choinníollacha sainithe.

## 2.4 Margaí tosaigh le haghaidh teicneolaíochtaí

Tá teicneolaíochtaí bithbhunaithe ríthábhachtach chun an bithgheilleagar a uas-scálú agus chun bonn tionsclaíoch na hEorpa a leathnú. Fágann siad gur féidir bithmhais phríomhúil agus thánaisteach a thiontú ina hábhair, ina ceimiceáin, ina breoslaí agus ina feidhmeanna ardluacha eile.

Déanann **bithscaglanna** bithmhais – lena n-áirítear bithmhais adhmaid, fuíll talmhaíochta, bithdhramhaíl agus taobhshruthanna próiseála – a thiontú go raon táirgí, amhail

comhábhair bhia, beatha, bithbhreoslaí, bithcheimiceáin agus bithábhair[35]. Féadann bithscaglanna roghanna malartacha ar amhábhair chriticiúla a tháirgeadh freisin, amhail anóidí bithbhunaithe a úsáidtear i gceallraí. Is minic a bhíonn infheistíocht mhór chaipitil agus pleanáil chomhordaithe le haghaidh bunábhair agus bonneagair ag teastáil uathu. Féadann siombóis thionsclaíoch fheabhsaithe úsáid bunábhar a bharrfheabhsú ó earnáil go chéile, soláthairtí ionchuir a chobhsú, costais dramhaíola agus táirgthe a laghdú agus tacú le braislí tionsclaíocha.

Baineann **coipeadh ardfhorbartha** úsáid as miocrorgánaigh nuálacha ardfheidhmíochta chun foinsí carbóin amhail fuíll siúcra agus bithmhais thánaisteach eile a thiontú ina gcomhdhúile ardluacha.

Trí **bhuanstóráil carbóin bhithghinigh** a fhorbairt, is féidir tacú le ceannaireacht na hEorpa i dteicneolaíochtaí tionsclaíocha glan-nialasacha; slabhra luacha na n-ábhar bithbhunaithe a chomhlánú trí charbón a stóráil go fadtéarmach; agus bunábhar $CO_2$ a sholáthar le haghaidh próisis thionsclaíocha ina mbíonn carbón ag teastáil.

*Bearta chun tacú le héileamh agus infheistíocht:*

Leanfaidh an Coimisiún agus Grúpa BEI d'ionstraimí maoiniúcháin chumaiscthe a úsáid chun dlús a chur le bithscaglanna ceannródaíocha agus neartóidh siad cuir chuige dhí-rioscaithe chun níos mó caipiteal príobháideach a mhealladh. Chun tacú le teacht chun cinn braislí réigiúnacha láidre, éascóidh an Coimisiún forbairt Gleannta Siombóise Tionsclaíche lena gcomhordaítear bunábhair, bonneagar agus pleanáil infheistíochta ar an leibhéal críochach.

Chun cuidiú le gnólachtaí coipeadh-bhunaithe scálú a dhéanamh, cuirfidh an Coimisiún feabhas ar an rochtain atá ag FBManna agus ag gnólachtaí atá ag méadú ar bhonneagar píolótach agus taispeána agus cuirfidh sé feabhas ar chomhordú maidir le próisis údarúcháin i gcás inarb ábhartha.

Maidir le carbón bithghineach a ghabháil, a úsáid agus a stóráil, san athbhreithniú ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais, féachfar ar chonairí a d'fhéadfadh a bheith ann chun buanaistrithe bithghineacha arna ndeimhniú faoi Rialachán ACFC a aithint, agus leanfaidh an Ciste don Nuálaíocht de thacaíocht a thabhairt do thionscadail inscálaithe um ghabháil, úsáid agus stóráil carbóin bhithghinigh.

## 3. IONCHAIS FHADTÉARMACHA A ÁIRITHIÚ DON BHITHGHEILLEAGAR: BITHMHAIS ARNA FOINSIÚ GO hINBHUANAITHE

Tá an tAontas neamhthuilleamaíoch den chuid is mó i ndáil le soláthar bithmhaise (thart ar 90 %)[36]. Tá sé d'acmhainn aige leanúint de bheith amhlaidh, ar choinníoll go gcuirfear bearta fadtéarmacha comhleanúnacha chun feidhme lena gcoinneofar ar bun acmhainneacht tháirgiúil, sláinte éiceachórais agus athléimneacht acmhainní le himeacht ama.

---

35 *EU biorefinery outlook to 2030* [Bithscaglanna an Aontais: Ionchas go dtí 2030] – Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

36 JRC, *EU Biomass supply, uses, governance and regenerative actions* [Soláthar, úsáidí, rialú agus gníomhaíochtaí athghiniúnacha na bithmhaise san Aontas], 2025

## 3.1. An gá le bithmhais phríomhúil a laghdú: ag brath ar bhunábhair thánaisteacha agus ar an gciorclaíocht

Ní mór an chiorclaíocht a bheith ina croíphrionsabal de bhithgheilleagar na hEorpa. Trí ábhair a choinneáil in úsáid tháirgiúil ar feadh tréimhse níos faide agus trí úsáid níos fearr a bhaint as fuíll agus seachtháirgí, is féidir leis an Aontas tacú le héifeachtúlacht acmhainní agus an brú ar chórais táirgthe phríomhúil a laghdú. Agus ráta ciorclaíochta 11,8 % ann ó bhí 2015 ann[37], cuireann glacadh níos mó sruthanna bithmhaise tánaistí deiseanna ar fáil le haghaidh samhlacha gnó ciorclacha nua. **Tosaíonn bithgheilleagar níos ciorclaí go háitiúil**. Nuair a dhéantar acmhainní nua de sheachtháirgí agus fuíll, cruthaíonn siad luach gar don áit óna dtagann siad agus cuidíonn siad le pobail a bheith níos féintuilleamaí. Léiríonn go leor réigiún cheana féin an chaoi a bhféadann gnólachtaí agus tionscail, lena n-áirítear FBManna agus táirgeoirí príomhúla, dramhaíl a iompú ina bunábhar, ina teas nó ina leasacháin. Ach tá **margadh aonair dea-fheidhmiúil AE le haghaidh bithmhais thánaisteach**[38] fíor-riachtanach. Féadann comharthaí margaidh agus acmhainneacht phróiseála níos soiléire feabhas a chur ar iomaíochas na sruthanna tánaisteacha. Leis na bearta um margaí tosaigh a ghlacfaidh an Coimisiún faoin Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe (ESPR) le haghaidh teicstílí agus troscáin (féach roinn 2), leagfar síos ceanglais feidhmíochta agus faisnéise freisin chun **fad saoil, ath-inúsáidteacht agus in-athchúrsáilteacht** a mhéadú, lena n-áirítear le haghaidh táirgí atá déanta as acmhainní bitheolaíocha. Glacfar cur chuige den chineál céanna maidir leis an Éicilipéad AE.

**Ní bhaintear dóthain úsáide as bithdhramhaíl go fóill.** Tacóidh an Coimisiún lena bailiú agus lena luachshocrú, lena n-áirítear tríd an nGníomh um an nGeilleagar Ciorclach atá ar na bacáin, le táirgeadh bithgháis agus bithmheatáin, agus le húsáid díleáiteáin mar leasachán bithbhunaithe, trí Chomhaontú Tríthaobhach. I gcás inarb ábhartha, spreagfar gabháil agus úsáid $CO_2$ bhithghinigh chun éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú.

**Tá sé fíor-riachtanach timthriall na gcothaitheach a dhúnadh ar mhaithe le hathléimneacht comhshaoil agus eacnamaíoch.** Le húsáid chiorclach aoiligh, lena n-áirítear trí bhíthin nítrigin aisghafa ó aoileach, is féidir an spleáchas ar leasacháin neamhorgánacha a laghdú. Cuirfidh an Coimisiún éifeachtúlacht nítrigine chun cinn i gcórais an bhithgheilleagair agus oibreoidh sé i dtreo spriocanna íosta athchúrsála agus athúsáide le haghaidh fosfar a aisghabhtar ó fhuíolluisce agus ó shloda.

## 3.2. I dtreo éiceachórais agus slabhraí luacha atá athléimneach agus inbhuanaithe

**Braitheann neart bhithgheilleagar na hEorpa ar shláinte agus athléimneacht a chomhshaoil nádúrtha.**

Tuiscint a fháil ar an méid bithmhaise is féidir a tháirgeadh agus a eastóscadh agus éiceachórais á n-athchóiriú agus linn charbóin athléimneach san earnáil talún á coinneáil ar bun, sin rud a chuidíonn chun a áirithiú go bhfanfaidh aon fhás laistigh de theorainneacha pláinéadacha, agus a chuireann spriocanna ÚTAÚTF san áireamh.

---

[37] Creat faireacháin –An geilleagar ciorclach – Eurostat

[38] Le bithmhais thánaisteach, áirítear bithmhais ó sheachtháirgí nó ó thaobhshruthanna ó phróisis monaraíochta táirgí, bithdhramhaíl, dramhaíl feirme, adhmad, páipéar agus cairtchlár iarthomhaltais aisghafa agus aon bhithmhais eile a aisghabhtar ó tháirgí bithbhunaithe a bhfuil a ré caite.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag tarraingt ar fhianaise eolaíoch, taithí phraiticiúil agus idirphlé le táirgeoirí agus le pobail chun tacú le cothromaíocht idir táirgeadh, athchóiriú agus cosaint. Tá gá le léargas níos soiléire ar acmhainneacht bithmhaise inbhuanaithe. Dá bhrí sin, neartóidh an Coimisiún samhaltú agus sonraí tríd an **Lárionad Eolais um Bithgheilleagar** agus úsáidfidh sé an fhianaise sin chun **bearta ar thaobh an éilimh a threorú**.

Tá úsáid eacnamaíoch agus cúram éiceolaíoch á gcomhcheangal cheana féin ag roinnt mhaith réigiún — tailte draenáilte a athfhliuchadh, rioscaí dóiteáin a laghdú nó táirgí nua a dhéanamh d'adhmad ar luach íseal, cuir i gcás. Trí na heispéiris sin a chomhroinnt thar theorainneacha, cuidítear le gach duine foghlaim níos tapúla. Ós rud é go mbaineann go leor earnálacha leas as bunábhair chomhroinnte, **tionólfaidh an Coimisiún táirgeoirí, próiseálaithe agus úsáideoirí tionsclaíocha chun ionchais soláthair a phlé, lena n-áirítear barra solúbtha dé-úsáide**, agus chun cuir chuige uas-scálaithe a éascú lena gcomhcheanglaítear táirgeadh agus athchóiriú, lena n-áirítear riascshaothrú i mbogaigh nó luachshocrú adhmaid ar luach íseal ar mhaithe le foinsí ioncaim nua a chruthú agus dóiteáin foraoise a chosc. Forbróidh an Coimisiún comhdhearcadh freisin trí chuir chuige dheonacha ón mbun aníos, lena n-áirítear córas tagarmharcála deonach le haghaidh measúnuithe inbhuanaitheachta ar an bhfeirm agus comhar leis na Ballstáit agus le comhpháirtithe amhail an Chomhdháil Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip (Forest Europe), FAO agus an Ciste Idirnáisiúnta um Fhorbairt Talmhaíochta, chun bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a neartú ar bhealach lena n-aithnítear éagsúlacht réigiúnach agus cleachtais sheanbhunaithe. Tacófar le cothú comhdhearcaidh **trí chomhar leanúnach leis na Ballstáit, taighdeoirí** agus **páirtithe leasmhara**, lena n-áirítear tríd an bpróiseas uile-Eorpach Forest Europe. Beidh an bithgheilleagar ag brath ar **fhadbhreathnaitheacht** freisin. Faireachán níos fearr, réamh-mheas ar rioscaí aeráide agus margaidh, agus ullmhacht chun oiriúnú, cuideoidh na nithe sin le slabhraí luacha na hEorpa fanacht cobhsaí, fiú le linn tréimhsí éiginnte. Chun athléimneacht a fheabhsú, déanfaidh an Coimisiún **anailís riosca ar shlabhraí soláthair bithmhaise** agus tacóidh sé le húsáid shonraí faireacháin oscailte **Copernicus** le haghaidh measúnú ar sholáthar bithmhaise.

### 3.3. Soláthar bithmhaise príomhúla

Is é an táirgeadh príomhúil an áit a dtosaíonn an bithgheilleagar, agus féadann an inbhuanaitheacht agus an t-iomaíochas a bheith fite fuaite ina chéile. Bainistíonn feirmeoirí, foraoiseoirí agus iascairí beo-acmhainní na hEorpa, agus cothromaíocht á baint amach acu idir táirgiúlacht agus cúram talún agus uisce. Tá a gcuid oibre laethúla mar bhonn taca leis an tslándáil bia, le hábhair in-athnuaite agus le slite beatha tuaithe.

**San fhoraoiseacht**, féadann bainistíocht inbhuanaithe atá oiriúnaithe don chomhthéacs áitiúil soláthar fadtéarmach a chur ar fáil don tionsclaíocht agus linn charbóin athléimneach a choinneáil ar bun san am céanna.

Sa **talmhaíocht**, neartaíonn cuir chuige chiorclacha agus inbhuanaithe torthúlacht na hithreach agus laghdaíonn siad costais. Tacóidh an CBT atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo le feirmeoirí a ghlacann nuálaíocht bithgheilleagair chomh maith le cleachtais inbhuanaithe agus athghiniúnacha, a dhéanann foinsí ioncaim a éagsúlú, agus a oibríonn i gcomhar i slabhraí luacha atá ag teacht chun cinn.

Féadann **acmhainní uisceacha** rannchuidiú freisin le soláthar bithmhaise níos éagsúla agus níos athléimní agus éiceachórais leochaileacha á gcosaint san am céanna. Tacaíonn

Treoirlínte Dobharshaothraithe an Aontais agus Tionscnamh an Aontais um Algaí le táirgeadh agus luachshocrú algaí agus débhlaoscach. Ina theannta sin, seolfaidh an Comhshocrú um an Aigéan tionscnamh nuálaíochta AE maidir leis an mbithgheilleagar gorm chun leas a bhaint as taobhshruthanna bithmhaise uiscí tearcúsáidte agus chun slabhraí luacha muirí a fhorbairt, lena n-áirítear trí luachshocrú taobhshruthanna amhail fuíollchiumhsóga éisc nó sliogáin.

Tá **athléimneacht uisce** fíor-riachtanach don bhithgheilleagar. Ba cheart bainistiú comhtháite uisce, bearta éifeachtúlachta agus measúnuithe riosca aeráide a leabú i gcinntí infheistíochta, de réir an chur chuige a leagtar amach sa Straitéis maidir le hAthléimneacht i réimse an Uisce. Is iad ithreacha sláintiúla agus timthriallta cothroma uisce bunchlocha neamhfheiceálacha na táirgiúlachta fadtéarmaí agus na cobhsaíochta aeráide.

Is féidir leis an **dúlra** féin a bheith ina chuid d'iomaíochas na hEorpa. D'fhéadfadh margaí atá ag teacht chun cinn ó thaobh creidmheasanna carbóin agus bithéagsúlachta de luach saothair a thabhairt dóibh siúd a athchóiríonn agus a chosnaíonn caipiteal nádúrtha, rud a thabharfadh ioncam nua do cheantair thuaithe. Chuige sin, tá modheolaíochtaí **feirmeoireachta carbóin** á nglacadh ag an gCoimisiún agus tá clárlann AE á bunú aige faoi Rialachán ACFC. Thairis sin, tá an **Treochlár um Chreidmheasanna Dúlra** á chur chun feidhme ag an gCoimisiún chun margaí ardsláine deonacha a threorú, ar margaí iad a chomhlánaíonn an fheirmeoireacht carbóin. Chun éileamh intuartha a chruthú ar scéimeanna torthaí-bhunaithe agus chun infheistíocht phríobháideach a spreagadh, bunófar **Club Ceannaitheoirí an Aontais**, lena gcinnteofar deiseanna cothroma agus iomaíochas do tháirgeoirí. Leis an tionscnamh deonach sin, cuirfear comhartha soiléir éilimh ar fáil i ndáil le feirmeoireacht carbóin agus aistrithe buana carbóin faoi Rialachán ACFC. Trí éileamh deonach ó chuideachtaí príobháideacha a chomhthiomsú, cuideoidh sé sruthanna nua ioncaim a ghiniúint d'fheirmeoirí agus foraoiseoirí na hEorpa, tacóidh sé le slabhraí luacha bithmhaise athléimneacha agus beidh sé mar bhonn taca le gealltanais chorparáideacha. Chun rannpháirtíocht feirmeoirí agus foraoiseoirí sa mhargadh deonach feirmeoireachta carbóin a shimpliú a thuilleadh, bunóidh an Coimisiún bunachar sonraí feirmeoireachta carbóin AE ina mbeidh samhlacha, fachtóirí astaíochta, táirgí cianbhraiteachta agus tacair sonraí tagarmharcála, ar bunachar sonraí é a laghdóidh costais faireacháin agus riaracháin.

Ar deireadh, is é t-eolas an nasc fós idir eolaíocht, beartas agus cleachtas. Cruthóidh an Coimisiún **stór eolais uile-Aontais** ina gcuirfear treoraíocht phraiticiúil atá oiriúnaithe don chomhthéacs áitiúil ar fáil d'fheirmeoirí, d'fhoraoiseoirí agus do bhainisteoirí talún chun táirgiúlacht, athléimneacht agus soláthar seirbhísí éiceachórais a fheabhsú.

## 4. TAIRBHE A BHAINT AS COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AGUS DEISEANNA DOMHANDA

Tá borradh faoin mbithgheilleagar ar fud an domhain. Tá straitéisí bithgheilleagair glactha ag níos mó ná 50 tír[39]. I gcomhthéacs an athraithe aeráide, brú méadaitheach ar acmhainní nádúrtha agus iomaíocht le haghaidh bithmhaise atá á treisiú, tá sé tábhachtach ailíniú domhanda a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le bithgheilleagar inbhuanaithe. Trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha, ba cheart rochtain oscailte intuartha ar an margadh a chothú le haghaidh tháirgí bithbhunaithe an Aontais freisin, agus é mar thacú leis sin comhar maidir le caighdeáin agus maidir le bacainní trádála neamhriachtanacha a laghdú.

[39] Gardossi et al, *Bioeconomy national strategies in the G20 and OECD countries: Sharing experiences and comparing existing policies*, 2023

Tá sé beartaithe ag an Aontas dul i mbun comhpháirtíochtaí straitéiseacha maidir leis an mbithgheilleagar, lena n-áirítear le príomhsholáthróirí domhanda bithmhaise. Is é an aidhm atá ann tacú le trádáil leanúnach i mbithmhais inbhuanaithe, ábhair agus réitigh bhithbhunaithe, ar bhealach atá intuartha d'oibreoirí agus lena n-urramaítear dálaí áitiúla.

### 4.1. Rochtain níos leithne ar mhargaí domhanda a éascú le haghaidh theicneolaíochtaí, nuálaíochtaí, bithábhair agus feidhmeanna bithbhunaithe an Aontais

Is féidir leis an Eoraip uas-scálú a dhéanamh ar onnmhairí teicneolaíochtaí, ábhar, táirgí, feidhmeanna agus nuálaíochtaí ciorclacha atá bithbhunaithe. Chuige sin, tá coinníollacha cothroma maidir le rochtain ar an margadh de dhíth ar thionsclaíocht an Aontais, agus, i gcomhthreo leis sin, ní mór faireachán a dhéanamh ar onnmhairí chun ganntanas bithmhaise agus tionchair dhiúltacha ar éiceachórais a sheachaint. Tá an tAontas san iomaíocht ar fud an domhain le haghaidh bithmhais inbhuanaithe. Beidh sé tábhachtach foinsí a éagsúlú, agus soláthar láidir intíre á choinneáil ar bun san am céanna, chun róspleáchas ar sholáthróirí aonair agus neamhchosaint ar luaineacht a sheachaint.

Bainfear úsáid as comhaontuithe trádála, comhpháirtíochtaí agus idirphlé rialála chun tacú le rochtain chothrom ar an margadh le haghaidh táirgí agus teicneolaíochtaí bithbhunaithe. An tráth céanna, ba cheart bainistiú a dhéanamh ar an éileamh méadaitheach ar bhithmhais agus ar leathnú na margaí domhanda le haghaidh táirgí bithbhunaithe chun tionchair dhiúltacha chomhshaoil nó tionchair dhiúltacha shóisialta thar lear a sheachaint. Ba cheart an trádáil i mbithmhais agus i dtáirgí bithbhunaithe a bheith comhsheasmhach le cuspóirí comhshaoil agus forbartha níos leithne. Tá na nithe sin le treisiú le córais faisnéise thrédhearcacha chomhsheasmhacha a thacaíonn le hinrianaitheacht agus le muinín an mhargaidh, amhail faoin reachtaíocht Eorpach maidir le dífhoraoisiú.

Leis an straitéis Global Gateway, cuirtear creat ar fáil chun infheistíocht i slabhraí soláthair athléimneacha a nascadh le malartú eolais agus comhar nuálaíochta, chun cuidiú le tíortha comhpháirtíochta earnálacha inbhuanaithe láidre den bhithgheilleagar dá gcuid féin a fhorbairt agus chun feabhas a chur ar an rochtain atá acu ar mhargaí domhanda mar sholáthróirí féideartha. Díreoidh comhpháirtíochtaí ar bhreisiú luacha áitiúil, scileanna agus córais soláthair athléimneacha a fhorbairt i dtíortha comhpháirtíochta. San Afraic, áit ar glacadh Plean Gníomhaíochta EAC don Gheilleagar Ciorclach[40] agus Straitéis Réigiúnach EAC um an Bithgheilleagar[41] le déanaí, tá Global Gateway ag tacú le tionscadail cheana féin lena bhforbraítear acmhainneacht áitiúil, lena gcruthaítear poist agus lena gcuirtear úsáid fhreagrach acmhainní chun cinn. Ardáin amhail an Fóram Idirnáisiúnta um an mBithgheilleagar agus an tIdirphlé Ardleibhéil Beartais idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach maidir leis an Eolaíocht, an Teicneolaíocht agus an Nuálaíocht, leanfaidh siad de bheith ag tacú le malartú agus comhar maidir le taighde agus nuálaíocht. Tacóidh an tAontas le forbairt na slabhraí luacha bithbhunaithe ar fud an domhain, lena n-áirítear i dtíortha roghnaithe san Afraic, ar bhealach a bheidh in oiriúint do dhálaí áitiúla.

---

[40] https://au.int/sites/default/files/documents/45336-doc-GIZ-AU_Continental_Circular_Action_V11.pdf

[41] Final-Summary-EAC-BIOECONOMY-STRATEGY.pdf

### 4.2. An clár oibre domhanda a mhúnlú maidir leis an mbithgheilleagar inbhuanaithe

Tá sé tábhachtach comhthuiscint a bheith ann idir an tAontas agus a phríomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta agus trádála ar mhaithe le héascú a dhéanamh ar infheistíocht phríobháideach, idirphlé ag céim luath, comhar maidir le taighde agus nuálaíocht, cóineasú rialála agus spriocanna inbhuanaitheachta, mar shampla maidir le talmhaíocht inbhuanaithe, iascach, dobharshaothrú agus foraoiseacht. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach i bpríomhfhóraim idirnáisiúnta ina bhforbraítear an cothrom iomaíochta idirnáisiúnta le haghaidh an bhithgheilleagair. Leanfaidh sé freisin de bheith ag tacú leis na cuspóirí agus na spriocanna gaolmhara i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, i gCreat Bithéagsúlachta Kunming-Montreal, i gComhaontú Pháras agus i gcomhaontuithe comhshaoil iltaobhacha eile, sin agus de bheith ag obair chun na cuspóirí agus na spriocanna sin a bhaint amach.

Neartóidh an tAontas a ról comhpháirtíochta i múnlú an chláir oibre idirnáisiúnta maidir leis an mbithgheilleagar, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht le heagraíochtaí idirnáisiúnta (amhail FAO). Forbróidh an tAontas comhpháirtíochtaí níos láidre le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad chun na sochair agus na comhbhabhtálacha a phlé, chun oibriú i dtreo na hidir-inoibritheachta agus chun comhthionscadail a éascú[42]. Cuirfidh an tAontas leis an obair atá ann cheana amhail Prionsabail Ardleibhéil G20 maidir leis an mBithgheilleagar a forbraíodh le linn Uachtaránacht na Brasaíle ar G20, nó na Prionsabail agus na Critéir Uaillmhianacha maidir le Bithgheilleagar Inbhuanaithe[43] a forbraíodh laistigh de FAO, chun oibriú le comhpháirtithe i dtreo cóineasú maidir le sonraí, dea-chleachtais, paraiméadair agus caighdeáin ar mhaithe le trádáil inbhuanaithe a chur chun cinn.

Is comhpháirtithe iad tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus garchomharsana a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don Aontas, agus rannchuidíonn a gcomhtháthú i slabhraí luacha bithbhunaithe an Aontais le moil bhithgheilleagair réigiúnacha a bhunú, leis an spleáchas ar amhábhair sheachtracha a laghdú agus le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a fheabhsú.

Seolfaidh an tAontas tionscnamh taighde agus nuálaíochta chun réitigh bhithgheilleagair inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur in úsáid i réigiúin a bhfuil ardacmhainneacht bhithmhaise acu, lena n-áirítear i dtíortha BIOEAST, sa Mholdóiv, san Úcráin agus sna Balcáin Thiar. Leis an tionscnamh sin, slógfar caipiteal agus neartófar éiceachórais thionsclaíocha lasmuigh de theorainneacha an Aontais ar mhaithe leis na Ballstáit agus le tíortha aontachais AE, agus áiritheofar go mbeidh coimircí láidre comhshaoil agus sóisialta mar bhonn taca leis na hiarrachtaí uile.

## 5. Oibriú as Lámha a Chéile ar Mhaithe le Seachadadh: Ballstáit, Lucht Tionscail, Infheisteoirí agus an tSochaí Shibhialta

Is príomh-chomhpháirtithe iad na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara chun straitéis bhithgheilleagair an Aontais a chur i ngníomh agus chun sineirgí a chruthú le straitéisí réigiúnacha agus náisiúnta. Tá ról lárnach ag réigiúin agus ag bardais maidir le cur chun feidhme, ós rud é go mbíonn go leor réitigh bhithgheilleagair á scálú trí shlabhraí luacha

[42] Mar shampla, ag FAO, sheol an tAontas Grúpa Cairde an Bhithgheilleagair in éineacht leis an mBrasaíl an 17 Deireadh Fómhair 2025.

[43] https://openknowledge.fao.org/server/api/core/bitstreams/92d6ae7c-2257-427f-a5a1-1f1223c89a47/content

áitiúla agus trí sholáthar bardasach. Beidh dlúthbhaint ag feirmeoirí, foraoiseoirí, iascairí, lucht tionscail, infheisteoirí – idir infheisteoirí príobháideacha agus poiblí – údaráis phoiblí ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, agus an tsochaí shibhialta le cur chun feidhme na straitéise sin.

Le forbairt bhithgheilleagar an Aontais, ní mór tógáil ar an neart atá ag an Eoraip cheana féin san earnáil sin agus difríochtaí réigiúnacha a aithint. Tá difríochtaí móra idir na Ballstáit maidir le hinfhaighteacht bithmhaise, sláinte éiceachórais, acmhainneacht thionsclaíoch, éiceachórais nuálaíochta agus aibíocht an mhargaidh. Spreagfar na Ballstáit freisin chun próifílí straitéiseacha bithgheilleagair náisiúnta a shainiú, mar shampla mar tháirgeoirí bithmhaise príomhúla, próiseálaithe ardluacha, ceannródaithe bithgheilleagair ghoirm, nó moil nuálaíochta bhithbhunaithe, agus chun na próifílí a chomhtháthú ina bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus ina bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide. Beidh idirphlé bithgheilleagair AE leis na Ballstáit ag cur leis an bhFóram Beartais Eorpach um an Bithgheilleagar[44], le tacaíocht ó 2027 ar aghaidh ó Mhol Tacaíochta um Beartas Bithgheilleagair[45] agus ó rannchuidithe ón mBord Eorpach um Thalmhaíocht agus Bia.

Chun oiliúint bhithgheilleagair a chur ar a lucht saothair agus chun riachtanais an mhargaidh saothair a ailíniú le deiseanna atá ag teacht chun cinn, moltar do na Ballstáit agus do na réigiúin oideachas, oiliúint agus cláir athscilithe/uas-scilithe a bhaineann leis an mbithgheilleagar a chur chun cinn, agus iad dírithe ar oibrithe agus ar chuardaitheoirí poist araon. Rachaidh an tArdán um Páirtithe Leasmhara an Gheilleagair Chiorclaigh[46] agus Líonra Pháirtithe Leasmhara an Bhithgheilleagair a bheidh ann amach anseo i gcomhar chun táirgeoirí príomhúla, lucht tionscail, infheisteoirí agus an tsochaí shibhialta a thabhairt le chéile agus chun naisc a chothú le tionscnaimh amhail Líonra Infheisteoirí Iontaofa na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus an t-idirphlé óige tríd an gclár Ambasadóirí Óige AE an Bhithgheilleagair[47]. Ina theannta sin, neartófar na naisc idir tionscnaimh oideachais AE sonracha atá ábhartha don bhithgheilleagar, amhail Ollscoil na hEorpa um an Bithgheilleagar, BIOEAST UniNet, Comhghuaillíocht Dhomhanda an Bhithgheilleagair agus Seaimpíní Óige Domhanda an Bhithgheilleagair.

Leanfaidh an Coimisiún Eorpach d'fheabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar bhithgheilleagar an Aontais tríd an gCóras Faireacháin ar Bhithgheilleagar an Aontais[48], agus oibreoidh sé i gcomhar le tíortha agus réigiúin laistigh den Aontas agus lasmuigh de ar an leibhéal idirnáisiúnta.

## 6. CONCLÚID

Tá an t-eolas, an bonn tionsclaíoch agus na daoine cuí ag an Eoraip chun bheith ar thús cadhnaíochta san aistriú domhanda i dtreo bithgheilleagar iomaíoch inbhuanaithe. Ina theannta sin, trí spleáchais straitéiseacha ar ábhair iontaise-bhunaithe agus ar amhábhair

[44] An Fóram Eorpach um Beartas Bithgheilleagair – Taighde agus nuálaíocht
[45] Cuirfear tús leis an Mol Tacaíochta um Beartas Bithgheilleagair in 2027 bunaithe ar Chlár Oibre Fís Eorpach in 2026.
[46] Leathanach baile | Ardán Eorpach um Páirtithe Leasmhara an Gheilleagair Chiorclaigh
[47] Ambasadóirí Óige an Bhithgheilleagair – Taighde agus nuálaíocht
[48] *Trends in the EU bioeconomy – update 2024* [Treochtaí i mbithgheilleagar an Aontais – nuashonrú 2024]. Stóras Foilseachán JRC – Treochtaí i mbithgheilleagar an Aontais – nuashonrú 2024

allmhairithe a laghdú agus trí shlabhraí soláthair atá bunaithe ar acmhainní in-athnuaite agus ciorclacha a éagsúlú, neartóidh an bithgheilleagar slándáil eacnamaíoch agus slándáil acmhainní na hEorpa i ndomhan atá ag éirí níos éiginnte.

Chun an fhís sin a bhaint amach, beidh gá le gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach. Trí oibriú le chéile, is féidir linn spreagthóirí fáis agus athléimneachta a dhéanamh d'acmhainní bitheolaíocha na hEorpa, tacú le huathriail straitéiseach, sin agus aistriú cothrom a chruthú nach bhfágfaidh aon réigiún ar lár. Tabharfaidh an Coimisiún tuairisc ar chur i gcrích na straitéise faoi 2028.

Ní hamháin gur riachtanas comhshaoil é bithgheilleagar láidir Eorpach a bheith ann; is infheistíocht straitéiseach é i rathúnas, athléimneacht agus slándáil fhadtéarmach na hEorpa.

## IARSCRÍBHINN: Príomhghníomhaíochtaí agus Amlíne

### NUÁLAÍOCHT AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ A UAS-SCÁLÚ: ÓN tSAOTHARLANN GO dTÍ AN CUR IN ÚSÁID

| Gníomhaíochtaí | Amlíne |
|---|---|
| Gníomhartha Bith-theicneolaíochta a ghlacadh | 2025<br>3Q 2026 |
| Fóram Eorpach um Rialtóirí agus Nuálaithe Bithgheilleagair a bhunú | 1Q2026 |
| Iarrataí ar chaighdeánú a ghlacadh le haghaidh doirse agus fuinneog, táirgí/eilimintí adhmaid struchtúracha agus gabhálais, painéil agus eilimintí adhmadbhunaithe agus táirgí inslithe theirmigh faoin Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta | 2026 |
| Tacú le comhar na bpríomhtháirgeoirí chun infheistíochtaí comhpháirteacha i slabhraí luacha bithbhunaithe nuálacha a spreagadh trí thacaíocht infheistíochta CBT, idirghabhálacha earnála agus an Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht | 2026 |
| Grúpa Eorpach um Chur in Úsáid Infheistíochta Bithgheilleagair a sheoladh | 2026-2028 |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar shocrú comhpháirtíochta reatha Chomhghnóthas CBE, agus na roghanna comhair is éifeachtaí agus is mó tionchar amach anseo a shainaithint faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile | 2026-2028 |
| A áirithiú go ndéanfar bithmhonaraíocht inbhuanaithe agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha bithbhunaithe eile a aithint go hiomchuí sna hathbhreithnithe ar Ghníomhartha Tarmligthe an Aontais maidir le Tacsanomaíocht atá ar na bacáin | 2026-2028 |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar an Moladh maidir le modhanna an Loirg Comhshaoil a úsáid agus sonraí a sholáthar | 4Q2026 |

### MARGAÍ TOSAIGH A FHORBAIRT LE hAGHAIDH ÁBHAR AGUS TEICNEOLAÍOCHTAÍ

| Gníomhaíochtaí | Amlíne |
|---|---|
| Anailís agus malartú dea-chleachtas maidir le húsáid chascáideach le pobal cleachtóirí laistigh de Lárionad Eolais an Choimisiúin Eorpaigh um an Bithgheilleagar | 2026-2027 |
| Le pacáiste an Aontais Fuinnimh le haghaidh na 10 mbliana amach romhainn, cuirfear san áireamh an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme **na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite**, lena n-áirítear na critéir atá inti maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, chomh maith le forbairtí teicneolaíocha san fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite. | 2026 |
| Tuarascáil a fhoilsiú, i gcomhréir le hAirteagal 3(3) den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, maidir le tionchar scéimeanna tacaíochta na mBallstát le haghaidh bithmhaise, lena n-áirítear an tionchar ar an mbithéagsúlacht, ar an aeráid agus ar an gcomhshaol, agus maidir leis an saobhadh margaidh a d'fhéadfadh a bheith ann. | 2027 |

| | |
|---|---|
| Critéir agus spriocanna a ghlacadh le haghaidh plaistigh bhithbhunaithe faoin Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht | 2027 |
| Gníomhartha tarmligthe RETI maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh teicstílí agus troscáin, mar a fógraíodh sa chéad phlean oibre RETI | 2027-2028 |
| Leanúint den obair chaighdeánaithe le haghaidh táirgí foirgníochta bithbhunaithe faoin Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta | 2026 |
| Tacú le forbairt na ngleannta siombóise tionsclaíche agus na mol bithgheilleagair | Ó 2026 ar aghaidh |
| An Uirlis um Chomhordú Iomaíochais a sheoladh, lena n-áirítear an tionscnamh deonach 'Comhghuaillíocht na hEorpa Bithbhunaithe' | 4Q2026 |
| Modheolaíocht deimhniúcháin le haghaidh stóráil fhadtéarmach carbóin i bhfoirgnimh faoin Rialachán maidir le hAistrithe Carbóin agus Feirmeoireacht Carbóin (ACFC) | 2026 |
| Feabhas a chur ar cheanglais maidir le soláthar poiblí glas agus margaí tosaigh a chruthú le haghaidh ábhair bhithbhunaithe agus teicneolaíochtaí straitéiseacha glana trí athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht soláthair phoiblí an Aontais | Rollach |

**IONCHAIS FHADTÉARMACHA A ÁIRITHIÚ DON BHITHGHEILLEAGAR: BITHMHAIS ARNA FOINSIÚ GO hINBHUANAITHE**

| Gníomhaíochtaí | Amlíne |
|---|---|
| Dea-chleachtais a mhalartú maidir le húsáidí ciorclacha áitiúla seachtháirgí ainmhithe a fhaigheann tacaíocht faoi líonra CBT | 2027 |
| Tacú le táirgeadh bithgháis agus bithmheatáin lena ndéantar bithdhramhaíl agus fuíll a luachshocrú agus lena gcumasaítear díleáiteán comhtháirgthe a úsáid mar tháirgí leasacháin bithbhunaithe trí chomhaontú trípháirteach | 2026 |
| Measúnú a dhéanamh ar dhea-chleachtais agus nuálaíochtaí bithgheilleagair chun éifeachtúlachtaí úsáide nítrigine a mhéadú i gcórais bhithgheilleagair agus i líonraí luacha | Ó 2026 ar aghaidh |
| Treoraíocht a eisiúint maidir le samhlacha gnó ciorclacha | 2027 |
| Feabhas a chur ar shonraí agus ar shamhaltú chun faireachán a dhéanamh ar infhaighteacht bithmhaise (ag brath ar Lárionad Eolais an Choimisiúin um an Bithgheilleagar) | Ó 2026 ar aghaidh |
| An tionscnamh nuálaíochta maidir leis an mbithgheilleagar gorm agus an cistiú gaolmhar ó Fhís Eorpach a sheoladh | 2026-2027 |
| Cineálacha cur chuige sonraíbhunaithe a dhreasú maidir le bithgheilleagar inbhuanaithe a fhorbairt: comhtháthú sonraí um fhaire na Cruinne chun faireachán a dhéanamh ar infhaighteacht bithmhaise inbhuanaithe chomh maith le hathruithe gaolmhara ar úsáid talún agus ábhair imní maidir leis an mbithéagsúlacht. | 2027 |
| Stór eolais uile-Aontais a fhorbairt ina mbeidh treoraíocht phraiticiúil atá oiriúnaithe don chomhthéacs áitiúil chun tacú le feirmeoirí, foraoiseoirí agus bainisteoirí talún a mhéid a bhaineann le táirgiúlacht bithmhaise, athléimneacht in aghaidh adhaimsire agus seachadadh seirbhísí éiceachórais a fheabhsú, lena n-áirítear faoin Misean Ithreach | Faoi 2030 |

### TAIRBHE A BHAINT AS COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AGUS DEISEANNA DOMHANDA

| Gníomhaíochtaí | Amlíne |
|---|---|
| Comhaontuithe saorthrádála an Aontais agus comhpháirtíochtaí agus fóraim idirnáisiúnta eile a úsáid chun comhar a chur chun cinn maidir le rochtain ar an margadh a leathnú le haghaidh réitigh bhithgheilleagair inbhuanaithe. Bacainní trádála rialála agus teicniúla a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu chun tacú le hinfheistíocht in earnálacha bithbhunaithe | Rollach |
| Oibriú le tíortha comhpháirtíochta roghnaithe chun nuálaíocht Eorpach a chur chun cinn, comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt agus infheistíochtaí a éascú, lena n-áirítear trí Chomhpháirtíochtaí um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan agus trí Global Gateway. | 2026-27 |
| Comhar domhanda a chur chun cinn agus an rialachas domhanda maidir leis an mbithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach a chuíchóiriú, | Rollach |

### OIBRIÚ AS LÁMHA A CHÉILE AR MHAITHE LE SEACHADADH: BALLSTÁIT, LUCHT TIONSCAIL, INFHEISTEOIRÍ AGUS AN tSOCHAÍ SHIBHIALTA

| Gníomhaíochtaí | Amlíne |
|---|---|
| Idirphlé bithgheilleagair AE leis na Ballstáit maidir le cur chun feidhme straitéis bhithgheilleagair an Aontais, slógadh na nArdán um Páirtithe Leasmhara an Gheilleagair Chiorclaigh agus an Bhithgheilleagair, an Bhoird Eorpaigh um Thalmhaíocht agus Bia agus an chláir Ambasadóirí Óige AE an Bhithgheilleagair. | Ó R1 2026 ar aghaidh |
| Faireachán a dhéanamh ar bhithgheilleagar an Aontais trí ghnéithe eacnamaíocha agus comhshaoil an Chórais Faireacháin ar Bhithgheilleagar an Aontais. | Ó 2026 ar aghaidh |